C/2024/4914

30.8.2024

GLAO AR AINMNIÚCHÁIN D'FHONN AN TOMBUDSMAN EORPACH A THOGHADH

(C/2024/4914)

Ag féachaint d'Airteagail 24 agus 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do na rialacháin agus na do coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 ([1]) agus, go háirithe, Airteagail 11 agus 12 de,

Ag féachaint do Riail 237 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa maidir le Toghadh an Ombudsman,

De bhrí go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman Eorpach a thoghadh ar feadh fad tréimhse théarma parlaiminteach 2024-2029,

De bhrí go bhfuil an tOmbudsman Eorpach incháilithe lena athcheapadh,

De bhrí go ndéantar an tOmbudsman Eorpach a roghnú as measc daoine ar saoránaigh den Aontas iad, a bhfuil lánchearta sibhialta agus polaitiúla acu, a thugann gach ráthaíocht neamhspleáchais, a chomhlíonann na coinníollacha is gá chun an oifig bhreithiúnach is airde ina dtír féin a fheidhmiú nó ag a bhfuil an inniúlacht agus na cáilíochtaí aitheanta chun dul i mbun dhualgais an Ombudsman, agus nach raibh ina gcomhaltaí de rialtais náisiúnta ná ina gcomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle Eorpach, ná den Choimisiún Eorpach laistigh den 2 bhliain roimh dháta foilsithe an ghlao ar ainmniúcháin.

1. Fáiltítear leis seo roimh ainmniúcháin i gcomhair thoghadh an Ombudsman Eorpaigh ag Parlaimint na hEorpa.

2. Ní foláir d'iarratasóirí tacaíocht a bheith acu ó 39 bhFeisire de Pharlaimint na hEorpa ar a laghad, ar náisiúnaigh iad de dhá Bhallstát ar a laghad agus ní foláir dóibh na doiciméid tacaíochta uile is gá a sholáthar chun a léiriú go cinntitheach go gcomhlíonann siad na coinníollacha a cheanglaítear leis na rialacháin agus leis na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, chomh maith le gealltanas sollúnta óna dtaobhsa nach mbeidh siad ag gabháil d'aon ghairm eile le linn a dtéarma oifige, má thoghtar iad, bíodh sí sochrach nó ná bíodh.

3. Ní foláir na hainmniúcháin a bheith curtha faoi bhráid Uachtarán Pharlaimint na hEorpa tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2024 ([2]),

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom (IO L 253, 16.7.2021, lch. 1).

([2]) Ba cheart na hainmniúcháin a sheoladh chuig:
Uachtarán Pharlaimint na hEorpa
(Ainmniúcháin do phost an Ombudsman Eorpaigh)
ARENDT 01T072
Seoladh poist:

Allée du Printemps
B.P. 1024/F
67070 Strasbourg
AN FHRAINC
nó
60 rue Wiertz / Wiertzstraat 60
1047 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Ba cheart sonraí ábhartha teagmhála, lena n-áirítear seoladh leictreonach a bheith luaite sna hainmniúcháin.

4. Beidh próiseáil na sonraí pearsanta uile a dhéanfar le linn an mheasúnaithe agus an nós imeachta um thoghadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Tá fáil ar na mionsonraí uile maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála ag https://www.europarl.europa.eu/ombudsmanelection/ga/home.

Roberta METSOLA
Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).